# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, IONAD NA nEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE, AN COLÁISTE OLLSCOILE, BAILE ÁTHA
BAILE ÁTHA CLIATH 4

## CLÁR NA nÁBHAR

Intreoir an Stiúrthóra 3

Ráiteas Misin 4

Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre 5

Éachtaí agus Forbairtí le linn 2019 8

Samplaí a Fuarthas sa tSaotharlann le haghaidh Anailíse 10

An Clár Alcóil: Fuil agus Fual 16

An Clár Alcóil: Anáil 19

An Clár Tocsaineolaíochta 25

Dearbhú Cáilíochta 31

An Clár Tástála Oilteachta 32

Faisnéis Airgeadais & Rialachas Corparáideach 33

Ráiteas ar Rialú Inmheánach 36

Saoráil Faisnéise 38

An Fhoireann 38

Cairt Eagraíochtúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS) 39

Cúrsaí agus comhdhálacha ar fhreastail baill foirne orthu in 2019 40

Ídiú Fuinnimh 42

Séanadh Dlí 42

# INTREOIR AN STIÚRTHÓRA

Sa Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2019, tugtar choimre ar ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, a thugann eolas agus sonraí agus ábhartha agus tábhachtacha maidir lena bheith ag tiomáint faoi thionchar ábhair mheisciúla agus maidir leis an ról atá ag an mBiúró i gcónaí sa Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020.

Cuireann an Biúró seirbhís náisiúnta liachta agus eolaíoch fhóiréinseach ar ardchaighdeán ar fáil maidir le taighde ar ábhair mheisciúla agus iad a bhrath. Tá ról bunúsach agus lárnach ag an tseirbhís sin agus básanna agus gortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú. Tá laghdú tagtha ar líon na mbásanna mar gheall ar thrácht ar bhóithre in Éirinn in aghaidh an mhilliúin den daonra. In 2019, 28 a bhí ann, atá ar an dara ráta is ísle san Aontas Eorpach. Tá an Biúró ag feidhmiú leis i gcónaí i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus le forais náisiúnta agus idirnáisiúnta eile chomh maith a bhfuil an cuspóir dúshlánach acu ar fad, is é sin "Fís Nialais" a bhaint amach le haghaidh básanna agus gortuithe ar na bóithre.

Rinneadh glúin nua feistí réamhthástála anála le haghaidh alcóil a sholáthar don Gharda Síochána, agus cuireadh an leathadh amach sin i gcrích in 2019. Bhí 1,400 feiste Dräger 7510 ar fáil chun alcól a bhrath ar thaobh an bhóthair. Le linn na bliana, bhí 161 feiste Dräger DrugTest 5000 i bhfeidhm mar chuid den chlár réamhthástála le haghaidh drugaí ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin de chuid an Gharda Síochána. Bhí uirlisí chun tástáil fhianaiseach anála a dhéanamh le haghaidh alcóil ar fáil in 87 stáisiún de chuid an Gharda Síochána go náisiúnta.

Tháinig méadú 25% ar líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas le go ndéanfaí anailís alcóil orthu le linn 2018, agus méadú 50% orthu siúd a fuarthas le go ndéanfaí anailís tocsaineolaíochta le haghaidh drugaí orthu. Tháinig laghdú 11% ar líon na dtástálacha fianaiseacha anála a rinneadh i gcomparáid le figiúirí 2018. Bhí dúshlán roimh acmhainní an Bhiúró i rith an ama ar an ábhar gur tháinig an méadú suntasach a tháinig ar líon na samplaí fola agus fuail le go ndéanfaí anailís orthu. Bíodh sin mar atá, bhíothas in ann cloí le Dearbhú Cáilíochta creidiúnaithe ag caighdeán ISO don líon ard tástálacha a bhí ag teastáil. Bhí an Biúró páirteach i roinnt Scéimeanna Tástála Inniúlachta. Tháinig méadú ar líon na bhfearas chun fuil agus fual a thástáil eisithe ag an mBiúró, ó 4,100 in 2018 go 6,134.

Sa tuarascáil seo, tugtar sonraí miona eipidéimeolaíochta, amhail na leibhéil alcóil a braitheadh san fhuil, fual agus anáil ar an meán (147mg/100ml, 183 mg/100ml agus 45µg/100ml faoi seach), agus céatadán na dtiománaithe ag a raibh leibhéil shuntasacha alcóil (32% don fhuil agus fual agus 45% don anáil). As na 3,230 sampla fola agus fuail a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh drugaí, bhí 2,375 acu (74% na samplaí tocsaineolaíochta agus 49% na samplaí ar fad a fuarthas) dearfach le haghaidh aicme druga amháin ar a laghad i ndiaidh na réamhthástála, agus mar sin tháinig méadú 34% ar an iomlán ar thástáil chun drugaí a dhearbhú.

Leanadh de chláir oiliúna agus eolais a chur ar fáil don Gharda Síochána, do dhochtúirí agus le haghaidh seirbhísí ionchúisimh. Lean an Biúró ar aghaidh ina ról ag glacadh páirt i gcomhdhálacha agus san fhoghlaim go náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le cur leo sin araon, agus ina bhallraíocht i gcomhlachtaí cuí, an Coiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre cuir i gcás; agus an Oifig Náisiúnta na Liachta Tráchta atá bunaithe i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann maidir le treoirlínte um infheidhmeacht liachta chun tiomána.

Tá an Biúró ag tnúth le bheith gníomhach sna dúshláin iontacha nua a bheidh de shíor ann d'fhonn sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú, agus chun tacú léi, dár saoránaigh ar fad sa bhliain 2020.

**An tOllamh Denis A. Cusack**
**Stiúrthóir**

**RÁITEAS MISIN:**

*“Seirbhís fhóiréinseach náisiúnta ardchaighdeáin a sholáthar maidir le halcól agus drugaí (substaint mheisciúil) a bhrath mar thaca le hoibriú éifeachtach na reachtaíochta um shábháilteacht ar bhóithre agus chun cur le bearta um shábháilteacht ar bhóithre agus um oiriúnacht mhíochaine chun tiomána.”*



# FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is é an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as tástáil cheimiceach a dhéanamh maidir le halcól agus drugaí i gcomhthéacs na tiomána in Éirinn. Is foras corparáideach é arna bhunú ag an Aire Rialtais Áitiúil i 1968 faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968.

Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an 22 Iúil 1997. I Meitheamh 2002, tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair faoin Ordú um Aistriú Feidhmeanna Riaracháin agus Aireachta Ranna, 2002.

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ó bhí 2011 ann. Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 – 2016.

Nuair a bunaíodh an Biúró i 1968, chuir sé tús leis na feidhmeanna seo a leanas: Tástáil le haghaidh




Alcóil ar Thaobh an Bhóthair, Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual, Eisiúint Teastas agus soláthar trealaimh chun samplaí a ghlacadh.

Tá cuid mhór athruithe tagtha ar an reachtaíocht ó shin, mar shampla: tástáil fhianaiseach anála (EBT) le haghaidh alcóil a thabhairt isteach, agus tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí arna soláthar in ospidéil, samplaí arna nglacadh ó thiománaithe a bhí i dtimpistí agus tástáil éigeantach le haghaidh substaintí meisciúla chun Réamhthástáil ar Alcól san Anáil (PBT) agus Réamhthástáil le haghaidh Drugaí (PDT) a áireamh. Eisíonn an Biúró teastais faoi alt 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 (mar a leasaíodh in 2016), lena ndeimhnítear tiúchan an alcóil i bhfuil nó i bhfual, lena ndeimhnítear láithreacht druga nó drugaí i bhfuil nó i bhfual agus lena ndeimhnítear tiúchan druga nó drugaí i bhfuil.

Leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2018 tugadh isteach pionós níos déine do thiománaithe a bhfuil leibhéil alcóil idir 50mg/100ml agus 80mg/100ml san fhuil acu agus an leibhéal coibhéiseach acu san fhual nó san anáil, ag aithint go gcuirtear isteach ar thiomáint fiú le leibhéil ísle alcóil.

I rith 2019, lean an Biúró ar aghaidh ag díriú ar a chuid freagrachtaí faoin dlí mar a leagtar amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus i gcomhréir le Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

Tá an Biúró ag feidhmiú chun na feidhmeanna nasctha thíos a chomhlíonadh.

Anailís le haghaidh Drugaí san Fhuil agus san Fhual

Alcóil Anála san Anáil

Anailís le haghaidh Drugaí san Fhuil agus san Fhual

Tástáil le haghaidh Drugaí sa Sreabhán Béil

Taighde – Tiomáint faoi bhrí Meiscigh
Teicneolaíochtaí Nua

Finnéacht Shaineolach Ghairmiúil

Corparáireach agus Airgeadas

Dearbhú Cáilíochta

Bíonn an Biúró ag coinneáil suas ar bhonn leanúnach le forbairtí teicneolaíochta agus bíonn na modhanna anailíse is fearr in úsáid aige. Tá sé eolach ar an nuálaíocht i dtaca le gléasanna brathadóireachta alcóil agus drugaí, sa tsaotharlann agus taobh amuigh di araon – ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin Gardaí.

Cuireann an Biúró seirbhís ar fáil dóibh seo a leanas: an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Cúirteanna, an Garda Síochána, cosaint, ionchúiseamh agus an pobal.

Tá an Biúró ag brath ar infheistíocht in oiliúint na foirne agus feabhsú scileanna le go mbeidh sé in ann feidhmiú go sásúil. Tá an Stiúrthóir freagrach as an mBiúró a rith ó lá go lá. Tá an Príomh-Anailísí freagrach as na saotharlanna agus as na cláir a bhaineann leo a rith ó lá go lá. Tá bainisteoir cláir ar gach clár agus iad ag obair ar leibhéal Ard-Anailísí. Tá an Riarthóir Sinsearach freagrach as an gclár

Corparáideach/Airgeadais agus as riarachán foriomlán an Bhiúró. Tá Bainisteoir Cáilíochta ag an mBiúró ag leibhéal Ard-Anailísí.

(féach an chairt eagrúcháin ar leathanach 39)

# ÉACHTAÍ AGUS FORBAIRTÍ LE LINN 2019

## Réamhthástáil le haghaidh Drugaí

Lean Réamhthástáil le haghaidh Drugaí (PDT) chun a mhéadú ag ráta measartha ar fud na tíre. I gcomhréir le gníomh 124 den Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020, bhí cruinnithe ar bhonn leanúnach ag an ngrúpa athbhreithnithe maidir le réamhthástáil le haghaidh drugaí, a bhfuil an

Príomh-Anailísí mar chathaoirleach air, in éineacht le comhaltaí ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, ón nGarda Síochána agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Bhí na cruinnithe sin ann chun úsáid na tástála le haghaidh drugaí ar thaobh an bhóthair a athbhreithniú agus a mheas, agus chun athbhreithniú a dhéanamh chomh maith ar theicneolaíochtaí agus córais tástála nua atá ar fáil a d'fhéadfadh cur níos mó leis na hinniúlachtaí braite drugaí atá ag an nGarda Síochána.

## Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí

Tá réamhsheiceáil le haghaidh drugaí ar bun i gcónaí ag an mBiúró, agus tá LC-MS-MS á úsáid chun anailís a dhéanamh ar dhrugaí. Gach sampla ina raibh leibhéal alcóil ní ba lú ná 80mg/100ml san fhuil nó a chomhionann, rinneadh iad a sheiceáil le fáil amach an raibh drugaí ann. Fágann modh scagtha LC-MS-MS go bhféadtar an druga nó na drugaí faoi leith a shainaithint ag an gcéad chéim seo.

## Tástáil Deimhniúcháin Saotharlainne le haghaidh Drugaí

Na samplaí ar fad a raibh toradh dearfach acu le haghaidh druga nó drugaí nuair a rinneadh iad a sheiceáil, cuireadh ar aghaidh iad le go ndéanfaí anailís deimhniúcháin orthu. I gcuid mhór cásanna, tá fianaise den úsáid ildrugaí ann. Déanann an Biúró a dheimhniú go bhfuil drugaí ann má bhíonn, chomh maith le tiúchan na ndrugaí sin atá sonraithe i Sceideal 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2016, a dheimhniú.
Cuirtear an tástáil saotharlainne go léir le haghaidh drugaí i gcrích i saoráid an Bhiúró sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

## Réamhthástáil Anála le haghaidh Alcóil

Cuirtear feistí Réamhthástála Anála ar fáil don Gharda Síochána lena n-úsáid ar thaobh an bhóthair chun anáil tiománaithe a thástáil le taispeáint an bhfuil alcól ann. Déanann an Biúró na feistí sin a chalabrú dhá uair sa bhliain fós agus bíonn 1,400 acu ar fáil don fhórsa lena n-úsáid an t-am ar fad.

## Tástáil Fhianaiseach Anála le haghaidh Alcóil

Rinne an Biúró bail a choinneáil i rith an ama ar 86 uirlis chun tástáil fhianaiseach anála le haghaidh alcóil a dhéanamh i stáisiúin an Gharda Síochána ar fud na tíre. Déanann Eolaí de chuid an Bhiúró gach uirlis a thástáil dhá uair sa bhliain.

## Dearbhú Cáilíochta

Cloíodh le creidiúnú ISO 17025 in 2019 le haghaidh na dtástálacha seo a leanas:

- Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála
- Réamhthástáil le haghaidh Drugaí
- Tástáil Sreabháin Bhéil le haghaidh Drugaí
- Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí
- Deimhniú Cannabais i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú Beinsidhé-asaipín i bhFuil agus i bhFual
- Tástáil dheimhniúcháin ildrugaí i bhFuil

Faoin raon feidhme solúbtha, rinneadh tástáil deimhniúcháin ildrugaí san Fhual a chur le liosta na dtástálacha creidiúnaithe, agus rinneadh í a chur le raon feidhme na tástála i ndiaidh do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú iniúchadh a dhéanamh uirthi go luath in 2019.

## Sláinte, Leas agus Sábháilteacht

Tá an Biúró tiomanta ar thimpeallacht shábháilte a chur ar fáil le haghaidh na bhfostaithe go léir, na n-innealtóirí agus Gardaí ar fad ar cuairt, agus gach duine eile. Rinneadh athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta an Bhiúró agus rinne Monatóirí Sábháilteachta na caighdeáin ab airde ó thaobh sábháilteachta de a mheas agus a chaomhnú ar bhonn leanúnach i rith na bliana. Cloítear le Ráiteas Sábháilteachta máthairchuideachta Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Tá teacht ag baill foirne sa Bhiúró ar an tsvuít iomlán tairiscintí sláinte agus folláine atá á cur ar fáil ag an ollscoil. Ní raibh aon timpistí nó teagmhais suntasacha le tuairisciú le linn na bliana.

## Comhroinnt agus Forbairt Eolais

Thug baill foirne agus Stiúrthóir an Bhiúró cainteanna agus d'fhreastail siad ar chuid mhór comhdhálacha, ar chruinnithe agus ar ghrúpaí oibre a bhain le hobair an Bhiúró agus an aidhm ann saineolas agus eolas a chomhroinnt.

Bhí an Biúró ina óstach le haghaidh daltaí éagsúla idirbhliana meánscoile ar feadh seachtaine an duine le linn 2019.

Tá eolaithe de chuid an Bhiúró ar choistí agus grúpaí oibre náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca le caighdeáin agus scaipeadh eolais, lena n-áirítear OIML (an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Méadreolaíocht Dhlíthiúil), Eurachem, UKIAFT (Cumann Tocsaineolaithe Fóiréinseacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann) agus EMCDDA (an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí).

## Seimineáir faoi choinne Gardaí

Chuir baill shinsearacha foirne den Bhiúró seimineáir i láthair taobh istigh de chúrsaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach don Gharda Síochána. An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a rinne urraíocht orthu.

# SAMPLAÍ A FUARTHAS SA TSAOTHARLANN LE HAGHAIDH ANAILÍSE

In 2019, fuarthas 4,854 sampla fola agus fuail le go ndéanfaí tástáil le aghaidh alcóil agus/nó drugaí orthu. Is méadú 25% é sin ar 2018. Tá athrú mór tagtha sa chóimheas idir samplaí fola go samplaí fuail. Maidir leis na leibhéil drugaí *per se* a tugadh isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2016, baineann siad siúd leis an bhfuil agus ní le fual. Is mar gheall air sin, chomh maith leis an méadú ar úsáid na feiste réamhthástála le haghaidh drugaí ag taobh an bhóthair, a chreidtear gur tháinig an t-athrú sin sa chóimheas. Dá bharr sin, tá méadú 50% tagtha ar líon na samplaí atá á gcur ar aghaidh le go ndéanfar tástáil orthu i gcomparáid le 2018.


**Tábla 1**

**An Líon Iomlán Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir**

| Clár | 2019 | 2018 | Méadú/Laghdú |
|---|---|---|---|
| **Alcól i bhFuil agus i bhFual** | 4,854 | 3,865 | 25% |
| **Tocsaineolaíocht Fola agus Fuail** | 3,229 | 2,152 | 50% |
| **Tástáil Fhianaiseach Anála** | 5,372 | 6,021 | -11% |


## Cairt 1

**Samplaí Fola agus Fuail a fuarthas de réir Contae**




*Nóta Líon na Samplaí a cuireadh ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh anailíse ag an nGarda Síochána


## Cairt 2



## Anailís ar Am

Is é is dóichí gur idir an tráthnóna agus uaireanta luatha na maidine a soláthraíodh samplaí fola agus fuail, mar is léir ón gcairt thíos. Níl aon athrú air sin ó bhlianta roimhe.

**<u>Cairt 3</u>**




## Líon na Samplaí a Soláthraíodh in Ospidéil

Sa bhliain 2019, tugadh 544 sampla in ospidéil. Is ionann é sin agus 11% na samplaí fola agus fuail ina n-iomláine.

## Tiománaithe Neamhaireachtálacha


In 2019, cuireadh 6 shampla chuig an mBiúró le go ndéanfaí anailís orthu i ndiaidh fuil a tharraingt ó thiománaithe neamhaireachtálacha.

## Anailís de réir Lae


Faoi mar atá le feiceáil i gCairt 4 thíos, is léir gur ar an Satharn, an Domhnach agus an Luan is mó a thugtar samplaí fola agus fuail. Féadfaidh an t-am a thugtar na samplaí tionchar a imirt ar na figiúirí seo chomh maith, áfach. Mar sin de, d'fhéadfadh amanna go luath ar maidin a bheith sna leibhéil a thugtar don Luan.


**Cairt 4**

**Lá a Tógadh an Sampla**




**Uaireanta an chloig dheireadh na seachtaine – 4pm ar an Satharn go 10am maidin Luain**



Taispeántar ar an gcairt thuas gur mall san oíche go dtí luath ar maidin na huaireanta is coitianta le haghaidh tiománaithe meisciúla.

## Anailís de réir Inscne

Bhí patrún beagnach mar an gcéanna le feiceáil in 2019 sa chóimheas idir fir agus mná i gcomparáid leis na blianta roimhe. Fir a bhí in 86% de na tiománaithe a thug samplaí.

**Tábla 2**

**Próifíl Inscne na Samplaí a Fuarthas – Fuil agus Fual**


| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **FIR** | 86% | 83% |
| **MNÁ** | 14% | 17% |

## Próifíl Aoise

Tá na tiománaithe sin a thugann samplaí fola agus fuail a bhfuil an phróifíl aoise san aoisghrúpa 25-34 bliain acu ar an gcéatadán is mó de na tiománaithe a ghabhtar.


**Cairt 5**

**Próifíl Aoise Tiománaithe in 2019**




<u>**Cairt 6**</u>

**Próifíl Aoise de réir Inscne in 2019**



# AN CLÁR ALCÓIL: FUIL AGUS FUAL

An tArd-Anailísí, Louise Lawlor, atá ag tabhairt ceannasaíocht ar an gclár seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Chlár Fola agus Fuail:

- Samplaí fola agus samplaí fuail a chuirtear chuig an mBiúró a ghlacadh agus anailís a dhéanamh orthu
- An tiúchan alcóil i samplaí fola agus i samplaí fuail a dheimhniú
- Teastais Anailíse a eisiúint
- Samplaí lochtacha a thástáil
- Saineolas a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Sonraí faoi thástálacha le haghaidh alcóil a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu






## Trealamh le haghaidh Samplaí Fola agus Samplaí Fuail a Sholáthar

Ullmhaíodh 4,900 fearas samplaí in 2019 (ina raibh 3,600 fearas fola agus 1,300 fearas fuail).
Rinneadh 6,134 fearas ar an iomlán, ina raibh 4,589 fearas fola agus 1,545 fearas fuail, a eisiúint chuig Stórais Lárnacha an Gharda Síochána in 2019.
Ullmhaíodh agus eisíodh 1,400 crúiscín. (Féach Tábla 3)

**Tábla 3**

**Fearais Ullmhaithe & Eisithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | Fearais Ullmhaithe | | Fearais Eisithe | |
|---|---|---|---|---|
| | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 |
| FEARAIS FOLA | 3,600 | 1,500 | 4,589 | 2,700 |
| FEARAIS FUAIL | 1,300 | 1,400 | 1,545 | 1,400 |
| CRÚISCÍNÍ | 1,400 | 1,400 | 1,400 | 1,400 |

Choinnigh an Biúró soláthar teagmhasach de 500 ar a laghad de gach cineál fearais ar feadh na bliana.

## Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual

Déantar anailís ar shamplaí Fola agus ar shamplaí Fuail le Crómatagrafaíocht Gháis Spáis Uachtaraigh agus Brathadóireacht Ianúcháin Lasrach (HSGC-FID). Déantar anailís faoi dhó ar a laghad ar gach sampla; is beirt eolaithe difriúla a dhéanann na hanailísí agus úsáideann siad dhá chóras éagsúla HSGC-FID. Caithfidh torthaí na n-anailísí a bheith ag teacht le chéile sular féidir Teastas Anailíse a eisiúint.

Fuarthas 4,854 sampla fola agus fuail ar an iomlán le go ndéanfaí anailís orthu le linn 2019. Fuarthas 42 sampla nach raibh le tástáil ach amháin le haghaidh drugaí ar an ábhar gur baineadh úsáid as uirlis Tástála Fianaisí Anála chun anáil na dtiománaithe a thástáil le haghaidh alcóil. Níor eisíodh teastais i 61 cás mar gheall ar locht éigin sa sampla nó sa cháipéisíocht a bhí ag gabháil leis an sampla. Laghdú beag ó 2018 atá sa leibhéal sin den "easpa eisiúna". Tháinig méadú 25% ar líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas in 2019 i gcomparáid leis an líon a fuarthas le linn 2018.

## An Leibhéal Meánach Alcóil i bhFuil agus i bhFual

147mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhuil a bhí ann in 2019 agus 183mg/100ml an meánleibhéal san fhual. Níl na samplaí nach raibh aon rian den alcól iontu á gcur san áireamh sna figiúirí sin.

## An tUasleibhéal Alcóil san Fhuil agus Fual

Ba é 393mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil a fuarthas san fhuil in 2019, agus 472mg/100ml an t-uasleibhéal a fuarthas san fhual.


## Breis agus Dhá Oiread os cionn na hUasteorann 50mg/100ml** (Fuil) nó 67mg/100ml** (Fual)

Rinneadh 1,521 sampla a dheimhniú le linn 2019 a bhí dhá oiread nó ní ba mhó os cionn na n-uasteorainneacha sin. Is ionann an figiúr sin agus 32% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh.

*** Is tábhachtach a thuiscint nach bhfaigheann an Biúró sonraí faoi rangú na dtiománaithe nuair a fhaightear samplaí lena dtástáil; i.e.,Tiománaithe a bhfuil Láncheadúnas acu seachas Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tiománaithe Nua, a mbaineann uasteorainneacha dlíthiúla níos ísle leo.*

Taispeántar i gCairt 7 agus 8 cion na dtiománaithe sna bandaí éagsúla maidir le fuil agus fual, faoi seach.


**<u>Cairt 7</u>**




| | Zero (<10) | < 20 | 21 - 50 | 51 - 80 | 81 - 100 | 101 - 150 | 151 - 200 | > 200 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 65% | 1% | 3% | 3% | 2% | 7% | 9% | 9% |
| 2018 | 52% | 1% | 4% | 5% | 3% | 11% | 13% | 11% |

**<u>Cairt 8</u>**

**Leibhéil Dheimhnithe Alcóil i bhFual**




| | Zero (<10) | <27 | 28 - 67 | 68-107 | 108-135 | 136-200 | 201-267 | >268 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 24% | 2% | 7% | 9% | 6% | 17% | 20% | 15% |
| 2018 | 25% | 2% | 6% | 10% | 6% | 19% | 18% | 15% |

# AN CLÁR ALCÓIL: ANÁIL

An tArd-Anailísí, Louise Lawlor, atá ag tabhairt ceannasaíocht ar an gclár seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Chláir um Alcól in Anáil:

- Gairis chun láithreacht alcóil in anáil (gléasanna réamhthástála anála ar thaobh an bhóthair) a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil
- Gairis chun tiúchan alcóil san anáil a dheimhniú (gléasanna tástála fianaisí anála) a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil
- Cúnamh saineolach a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Cúrsaí oiliúna a sholáthar do Oibritheoirí agus do Mhaoirseoirí EvidenzerIRL.
- Sonraí maidir le tástálacha fianaiseacha anála le haghaidh alcóil a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.





## Tástáil Anála le haghaidh Alcóil ar Thaobh an Bhóthair

Cuireadh leathadh amach na bhfeistí 7510 Dräger PBT nua i gcrích in 2019. Rinneadh an córas beobhabhtála a cruthaíodh in 2018 a leabú in 2019. Cuireann an córas beobhabhtála seirbhís níos éifeachtúla ar fáil don Gharda Síochána óir nuair a thugtar feiste ar ais lena calabrú, tugtar feiste chalabraithe ar ais mar mhalairt. Rinne an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre feistí 6510 Dräger PBT go léir a aistarraingt ón nGarda Síochána in 2019. Cuireadh 2,270 calabrú i gcrích ar 7510 feiste. Déantar feistí á gcalabrú dhá uair gach bliain.

## Tástáil Fhianaiseach Anála le haghaidh Alcóil

Lean an Biúró le tacaíocht a thabhairt i dtaca le 86 ghléas EvidenzerIRL i stáisiúin Gardaí ar fud na hÉireann agus lean sé lena gcothabháil freisin.




## Oiliúint don Gharda Síochána


Chuir an Biúró oiliúint ar 88 Oiliúnóir ón nGarda Síochána i dtaca leis na gléasanna Dräger 7510 a fheidhmiú, d'fhonn a chur ar a gcumas dóibh oiliúint a chur ar bhaill eile den Gharda Síochána.
Lean an Biúró de bheith ag cur cúrsa oiliúna ar fáil, i gcomhar leis an nGarda Síochána, faoi choinne Oibritheoirí agus Maoirseoirí. Cúrsa lá go leith atá anseo ina gcuirtear oiliúint ar Oibritheoirí agus Maoirseoirí an Gharda Síochána maidir le huirlis EvidenzerIRL a úsáid.

Cuireadh 298 Garda faoi oiliúint mar Oibritheoirí EBT, 169 ina measc ar cuireadh oiliúint mar Mhaoirseoirí orthu fosta.

## Gléasanna EBT a Thástáil i Stáisiúin Gardaí

Rinne Eolaithe de chuid an Bhiúró tástáil ar gach uirlis atá suiteáilte i stáisiúin an Gharda Síochána dhá uair ar a laghad. Rinneadh an tástáil sin ar an láthair 213 uair in 2019 (200 uair in 2018).
Is gné ríthábhachtach an tástáil sin chun cáilíocht thorthaí na dtástálacha le haghaidh alcóil in anáil a dhearbhú chun críocha fianaise.

**Cairt 9**




| | 0 | 1-9 | 10-22 | 23-35 | 36-44 | 45-66 | 66+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 6% | 8% | 16% | 16% | 10% | 23% | 22% |
| 2018 | 5% | 7% | 17% | 18% | 9% | 23% | 22% |

## Anailís ar Alcóil san Anáil

In 2019, tugadh 5,372 tiománaí go stáisiúin de chuid an Gharda Síochána agus thug siad samplaí anála le go ndéanfaí anailís alcóil orthu. In 2% de na cásanna sin, thug EvidenzerIRL le fios go raibh cúis éigin ann nach bhféadfaí deimhniú de réir Alt 13 a eisiúint, mar shampla mar gheall ar chosaintí amhail Alcól sa Bhéal nó Difear san Anáil. Theip ar 10% de na tiománaithe samplaí anála a thabhairt nó dhiúltaigh siad déanamh amhlaidh. Cuireadh 4,723 sampla anála ar fad i gcrích agus eisíodh deimhniú de réir Alt 13.

## Níos Mó ná Dhá Oiread na hUasteorann 22 µg /100ml** (Anáil)

Tugadh 5,372 sampla anála ar an iomlán. Bhí 45% acu sin ní ba mhó ná dhá oiread ní b'airde ná an uasteorann sin. Tá sé sin rud beag níos airde ná na torthaí fola agus fuail siúd a bhí ní ba mhó ná dhá oiread ní ba mhó ná an uasteorann, is é sin 32%.

**(*Is tábhachtach a thuiscint nach bhfaigheann an Biúró sonraí faoi rangú tiománaithe nuair a fhaigheann sé samplaí lena dtástáil; i.e. Tiománaithe a bhfuil acu seachas Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tiománaithe Nua. 9 µg/100ml an teorainn dhlíthiúil dóibhsean.)*


## Meánleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é 45µg/100ml an meánleibhéal alcóil a deimhníodh in anáil in 2019, gan samplaí anála a thug toradh nialais alcóil a chur san áireamh.

## Anailís ar Am

As na samplaí anála ar fad (5.372), tugadh 75% acu idir 7pm agus 7am, tugadh 11% acu idir 7am agus 1pm agus tugadh an 13% eile idir 1pm agus 7pm.

**Cairt 10**




## Inscne agus Samplaí Tástálacha Fianaiseacha Anála


Ceanglaítear ar i bhfad níos mó tiománaithe ar fir iad sampla anála a thabhairt ná tiománaithe ar mná iad. 6:1 an cóimheas idir fir agus mná.

**Tábla 4**


**Próifíl Inscne na Samplaí Anála a Soláthraíodh**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **FIR** | 86% | 87% |
| **MNÁ** | 14% | 13% |

**Cairt 11**



## Cairt 12




| | 0-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| %Female (of Total) | 1% | 4% | 4% | 3% | 2% | 1% |
| % Male (of Total) | 10% | 23% | 24% | 16% | 8% | 4% |

# AN CLÁR TOCSAINEOLAÍOCHTA

Is é an Dr Richard Maguire, Ard-Anailísí, atá i gceannas ar an gclár seo. Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna a bhí ag an gclár seo in 2019:


- Anailís a dhéanamh ar shamplaí fola agus ar shamplaí fuail le fáil amach an raibh druga nó drugaí ann chomh maith le tiúchan an druga nó na ndrugaí.
- Teastais Anailíse a eisiúint maidir le láithreacht agus/nó tiúchan druga nó drugaí.
- Gléasanna Réamhthástála le haghaidh Drugaí (sreabhán béil) a sholáthar/a chothabháil agus rialú cáilíochta maidir le tomhaltáin.
- Modhanna nua tástála le haghaidh drugaí a fhorbairt.
- Cúnamh eolaíoch a thabhairt do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.
- Taighde ar dhrugaí a lagaíonn céadfaí tiománaithe.

## Réamhthástáil le haghaidh Drugaí (PDT) ar Thaobh an Bhóthair agus i Stáisiúin

Tugadh clár PDT isteach in 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm ón 13 Aibreán 2017. Soláthraíodh leis sin 86 anailíseoir DT5000 agus 47 anailíseoir móibíleach. Faoi dheireadh 2018 bhí 86 anailíseoir seasta agus 60 aonad soghluaiste ann. Tháinig méadú eile ar líon na bhfeistí soghluaiste go 75 le linn 2019, agus mar sin eisíodh 161 feiste shoghluaiste faoi dheireadh na bliana. Tá an t-anailíseoir in ann Cannabas, Cócaon, Codlaidínigh agus Beinsidhé-Asaipín a bhrath i sreabhán béil.







Cheannaigh an Biúró 13,950 STK caiséid intomhalta in 2019 lena n-úsáid leis na feistí. Rinne an Biúró bainistiú freisin ar thástáil dearbhaithe cáilíochta chomhpháirt STK an chórais seo, chomh maith le tástálacha feidhmíochta a dhéanamh tuairim ar gach 6 mhí ar gach anailíseoir lena chinntiú go raibh siad ag feidhmiú mar is ceart. Bhí an Biúró sásta le feidhmíocht DT5000 in 2019 agus déanfaidh sé monatóireacht ar bhonn leanúnach ar a fheidhmíocht.

Cuireadh sonraí i dtoll a chéile faoi líon na dtástálacha a rinneadh ar na hanailíseoirí a bhí ar fáil don Gharda Síochána le haghaidh 2019. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire, áfach, nach tomhas ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe atá i gceist leis seo agus nach ndéantar idirdhealú sa chóras reatha idir tástálacha a dhéantar ar mhaithe le hoiliúint, taispeáint, dearbhú cáilíochta ná cúiseanna forfheidhmithe. Tá an ghníomhaíocht le haghaidh 2019 ar taispeáint thíos.

**Tábla 5**

| AN CINEÁL ÚSÁIDE A BAINEADH AS AN ANAILÍSEOIR | LÍON NA dTÁSTÁLACHA |
|---|---|
| **Móibíleach** | 6,881 |
| **I stáisiún** | 554 |
| **Iomlán** | 7,435 |

Cé gur tháinig méadú suntasach ar úsáid shoghluaiste (93%), baineadh úsáid an-íseal as na hanailíseoirí i stáisiúin. Nuair a chuirtear tástáil QC (le haghaidh dearbhú cáilíochta) san áireamh, níl in úsáid na bhfeistí do-aistrithe ach 6% den úsáid iomlán. Cuireadh 35 anailíseoir do-aistrithe ar fáil le go mbainfí úsáid shoghluaiste astu mar chuid d'fheachtas 2019 maidir le Sábháilteacht ar na Bóithre um Nollaig.

Nuair a thógtar sampla ó shreabhán béil tiománaí chun tástáil a dhéanamh air atá dearfach ó thaobh druga nó drugaí a bheith ann, iarrann an Biúró ar an nGarda Síochána "Foirm Eolais" (féach thíos) a chur isteach a chuireann torthaí na tástála ar thaobh an bhóthair in iúl. Ciallaíonn sé sin gur féidir comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht an DT5000 agus an tástáil saotharlainne a dhéantar ina dhiaidh sin.

**INFORMATION FORM**

To be returned to Medical Bureau of Road Safety with specimen taken under the Road Traffic Act.

(1) Driver's Name: ____________________

(2) Was Evidential Breath Testing carried out? **YES / NO**

(3) Was Preliminary Drug Testing carried out? **YES / NO**

Cannabis ☐ Benzodiazepine ☐ Cocaine ☐ Opiate ☐

Please indicate positive results by ticking the relevant boxes.

Ar an iomlán, tugadh ar ais 1,484 sampla in 2019 (méadú 137% ar 625 in 2018) in éineacht le foirmeacha Réamhthástála Drugaí. Bhí toradh dearfach ar 1,423 astu sin le haghaidh druga amháin ar a laghad as na ceithre dhruga atá DT5000 in ann a bhrath.


As na 1,423 cás dearfach, is mar seo a leanas a bhí leitheadúlacht na ndrugaí a bhraith DT5000: Bhí 66% acu dearfach le haghaidh cannabais (72% in 2018, 64% in 2017), 42.9% acu dearfach le haghaidh cócaoin (41% in 2018, 35% in 2017), 8.2% acu dearfach le haghaidh codlaidíneach (8% in 2018, 8% in 2017) agus 3.8% acu dearfach le haghaidh beinsidhé-asaipín (7% in 2018, 5% in 2017). Baineann formhór na brathadóireachta le drugaí mídhleathacha seachas codlaidínigh agus beinisdhé-asaipíní, ar féidir iad a cheannach agus/nó a fhorordú go dleathach ach ar féidir mí-úsáid a bhaint astu freisin.

## Tástáil Saotharlainne

### Forléargas ar na Samplaí Fola agus Fuail

Rinneadh anailís ar 3, 230 sampla le fáil amach an raibh druga nó drugaí iontu. Is méadú 51% é sin ar líon na samplaí a tástáladh in 2018, atá ina mhéadú suntasach. Sa chairt thíos léirítear cad é mar atá athrú tagtha ar an bhfigiúir sin ó 2013 i leith (Cairt 13)

**<u>Cairt 13</u>**





Bhí anailís thocsaineolaíoch ag teastáil le haghaidh 66% de na samplaí ar fad a fuarthas (méadú 11% ar 2018 nuair a bhí anailís thocsaineolaíoch ag teastáil le haghaidh 55% de na samplaí ar fad). Lean rannán tocsaineolaíochta an MBRS chun samplaí uile a thástáil faoin teorainn le haghaidh alcóil de 80mg/100ml i bhfuil agus 107mg/100ml i bhfual. D'iarr An Garda Síochána 39 sampla a bhí thar an teorainn (méadú 77% ar 22 in 2018). Cuireadh 42 sampla ag a raibh toradh diúltach sa Tástáil Fhianaiseach Anála (méadú 200% ar 14 in 2018) chuig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le go ndéanfaí tástáil le haghaidh drugaí orthu. Bhí 41 sampla eile ann a bhí thar an teorainn alcóil a thugtar thuas ach a fuarthas in éineacht le réamhthástáil dhearfach le haghaidh drugaí ar thaobh an bhóthair nó i stáisiún Garda agus a ndearnadh tástáil go huathoibríoch orthu chomh maith le haghaidh drugaí. Thug na bearta a tugadh isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2016, cumhacht don Gharda Síochána fuil a thógáil nuair a thugann réamhthástáil le fios go bhfuil drugaí ann. Mar gheall ar sin, tháinig athrú sa chineál sampla i dtreo na fola seachas fual. Samplaí fola a bhí in 86% na samplaí a ndearnadh anailís tocsaineolaíochta orthu in 2019, agus samplaí fuail a bhí i 14% acu.

Baineadh feidhm as Crómatagrafaíocht Leachta le Mais-Speictriméadracht (LC-MS-MS) chun tástáil scagtha tosaigh a dhéanamh chun cannabas, cócaon, codlaidínigh, meatadón, beinsidhé-asaipín, amfataimíní agus meitiolamfataimín a bhrath.


As na 3,230 sampla a tástáladh, bhí toradh dearfach ann i dtaca le haicme amháin drugaí ar a laghad i gcás 2,375 (74% de na samplaí Tocsaineolaíochta ar fad agus 49% de na samplaí ar fad) acu nuair a rinneadh réamhthástáil le haghaidh drugaí orthu. Bhí toradh diúltach ann i gcás 855 (26%) acu le haghaidh na ndrugaí a raibh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ag spriocdhíriú isteach orthu ag na tairseacha a úsáideann an Lia-Bhiúró. Léirítear i gCairt 14 thíos leitheadúlacht na ndrugaí a braitheadh sna samplaí uile fola agus fuail. Faoi mar a bhí i gceist le blianta roimhe seo, tá Cannabas fós ar an druga is coitianta i ndiaidh alcóil. Dála 2018, bhí Cócaon ar an dara druga eile is coitianta arís. Léirítear i gCairt 15 thíos na drugaí a fuarthas agus an oiread a fuarthas níos mó ná druga amháin sna samplaí fola agus sna samplaí fuail a tástáladh.

**Cairt 14**




Braitheadh úsáid ildrugaí go coitianta arís in 2019. Léirítear sin i gcairt 15, mar a bhfeictear gur braitheadh 2 dhruga nó tuilleadh in 45% de na cásanna.


**Cairt 15**




Thug an phróifíl inscne le fios gurbh iad fir 88% agus mná 12% acu, de réir na sonraí dearfacha scagtha. Tugtar próifíl aoise na samplaí dearfacha i gcairt 16 thíos. Bhí tromlach na ndaoine sa raon aoise 44 bliain agus níos lú.

**Cairt 16**

**Torthaí Dearfacha Scagtha de réir Aoise in 2019**



Nuair a bhraitear toradh dearfach sa tástáil scagtha tosaigh, úsáidtear Crómatagrafaíocht Gháis agus Mais-Speictriméadracht sraithe chun an toradh a dheimhniú i gcás cannabais. Úsáidtear Crómatagrafaíocht Leachta agus Mais-Speictriméadracht sraithe i gcás na ndrugaí ar fad eile. Cuireadh na samplaí dearfacha uile a fuarthas in 2019 ar aghaidh le deimhniú a fháil i dtaca leis na drugaí eile a braitheadh ag céim an scagtha, faoi mar a bhíothas in ann ag brath ar an líon samplaí.

Tá méadú suntasach tagtha ar an ualach oibre ó thaobh na tástála deimhniúcháin de. Tá fairsinge an mhéadaithe ar an tástáil deimhniúcháin le haghaidh na ndrugaí/aicmí éagsúla le feiceáil go soiléir i dTábla 6 thíos. Léirítear sa tábla seo an difear idir líon na n-anailísí deimhniúcháin in 2019 a raibh toradh dearfach acu. Tugtar céatadán an mhéadaithe/an laghdaithe i gcomparáid le 2018, a léiríonn gur tháinig méadú 33.6% ar dheimhniúcháin ar bhonn uilechoiteann. I ngach cás, bhí líon beag samplaí ann nárbh fhéidir iad a dheimhniú mar gheall ar shrianta maidir le méid an tsampla, agus fuarthas líon beag a bheith diúltach ar dheimhniú dóibh.

**Tábla 6**

| AICME DRUGA | 2018 | 2019 | An t-athrú mar % |
|---|---|---|---|
| **Cannabas** | 1,034 | 1,747 | Méadú 68.9% |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 468 | 475 | Méadú 1.5% |
| **Cócaon** | 535 | 852 | Méadú 59.2% |
| **Codlaidíneach/Meatadón** | 260 | 308 | Méadú 18.5% |
| **Amfataimín/Meitiolamfataimín** | 82 | 157 | Méadú 91.5% |
| **Iomlán** | 2,649 | 3,539 | Méadú 33.6% |

**Tábla 7**

| AICME DRUGA | Scagtha go Dearfach | Deimhnithe go Dearfach | Deimhnithe go Diúltach | Easnamhach chun Deimhniúchán a thabhairt | Ráta deimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Cannabas | 1,766 | 1,745 | 2 | 19 | 99% |
| Beinsidhé-asaipíní | 501* | 467 | 8 | 25 | 93% |
| Cócaon | 865 | 822 | 30 | 12 | 95% |
| Codlaidíneach/Meatadón | 314 | 296 | 12 | 6 | 94% |
| Amfataimín/Meitiolamfataimín | 161 | 158 | 2 | 1 | 98% |

*1 shampla amháin a tuairiscíodh sula rabhthas in ann deimhniúchán a chur i gcrích.

Leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 (a actaíodh in Aibreán 2017) tugadh isteach leibhéil *per se* Cannabais, Cócaoin agus Hearóine i lánfhuil (féach Tábla 8 thíos). Bhí 2019 ar an dara bliain iomlán a ndearnadh anailís agus tuairisciú ar leibhéil ní ba lú ná na leibhéil *per se*.

**Tábla 8**

| Druga | Teorainn Dhlíthiúil |
|---|---|
| $\Delta^9$-Teitrihidreacannaibionól (Cannabas) | 1ng/ml |
| 11-nor-9-carbocsai-$\Delta^9$-theitrihidreacannaibionól (cannabas) | 5ng/ml |
| Cócaon | 10ng/ml |
| Beinsidhé-asaipín (cócaon) | 50ng/ml |
| Moirfín 6-aicéiltile (Hearóin) | 5ng/ml |

Bhí 1,833 tiománaí ann in 2019 a raibh torthaí drugaí cothrom leis na teorainneacha dlíthiúla *per se* nó ní b'airde ná iad. Méadú 90% a bhí ansin i gcomparáid le 2018. Bhí líon na ndeimhnithe a eisíodh mar gheall ar an gcion *per se* ní b'airde ná an líon a eisíodh mar gheall ar láithreacht den chéad uair. I dTábla 9 thíos, taispeántar na difríochtaí idir 2018 agus 2019 do na deimhnithe drugaí a eisíodh

**Tábla 9**

| Cineál Deimhnithe | 2018 | 2019 | % na Difríochta |
|---|---|---|---|
| Tiúchan | 963 | 1,833 | Méadú 90% |
| Láithreacht | 1,435 | 1,793 | Méadú 25% |
| Tiúchan agus Láithreacht (2 dheimhniú) | 269 | 420 | Méadú 56% |
| Níor braitheadh cuid ar bith | 508 | 823 | Méadú 62% |

# DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

In 2019, rinneadh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a aistriú ó ISO 17025:2005 go dtí ISO 17025:2017 a ndearnadh athbhreithniú nua air agus a foilsíodh go mall in 2017. San eagrán nua den chaighdeán, leagtar béim níos láidre ar theicneolaíochtaí faisnéise agus tá an úsáid as córais ríomhaireachta agus taifid leictreonacha mar chuid de, chomh maith le torthaí agus tuarascálacha leictreonacha a tháirgeadh. Mar gheall ar cheanglas nua, tugadh isteach smaointeoireacht bunaithe ar riosca chun diallais a íoslaghdú agus deiseanna a uasmhéadú i gcóras bainistithe cáilíochta an Bhiúró de réir mar a thagann siad chun cinn.

I ndiaidh an chuairt bhliantúil faireachas a chur i gcrích in Aibreán 2019, rinneadh an Biúró a Chreidiúnú go ISO 17025:2017 le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- Anailís alcóil i bhfuil agus i bhfual
- Anailís drugaí
- Anailís ar thástálacha anála

Tá raon solúbtha maidir le tástálacha creidiúnaithe i bhfeidhm ag an mBiúró. Éascaíonn sé sin cur tástálacha nua drugaí le Raon Creidiúnaithe an Bhiúró agus athruithe ag an mBiúró ar mhodhanna de réir mar a bhíonn siad á bhforbairt go hinmheánach. Déantar máistirliosta d'athruithe de réir an raoin sholúbtha a choinneáil mar chuid de nós imeachta an raoin sholúbtha d'fhonn athruithe ar thástálacha creidiúnaithe thaifeadadh, agus tástálacha a chur leis, atá sa bhreis orthu sin atá sa Raon Creidiúnaithe atá foilsithe.

Cuireadh dhá thástáil leis an taifead seo go luath in 2019:

1. Cuireadh anailís Ildrugaí leis chun LC-MS-MS a úsáid d'fhonn anailítí áirithe san fhual a chainníochtú, lena n-áirítear 6-Aicéitiolmoirfín, Cócaon, Beansóileacgainín, Cóidín, Moirfín, EDDP, MDA, S-Meitiolamfataimín, MDMA, S-Amfataimín agus Meatadón.

2. Réamhthástáil drugaí a úsáideann LCMSMS le láithreacht anailítí iomadúla (64) a shainaithint i lánfhuil agus fual. Amfataimíní & Spreagthaigh, Cannaibionóidigh, Cócaon & Meitibilítí, Suaimhneasáin, Támhshuanaigh Neamhchodlaidíneacha agus Codlaidínigh san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Cuireadh na tástálacha sin le Raon Creidiúnaithe an Bhiúró i ndiaidh don Bhord Náisiúnta um Chreidiúnú cuairt a thabhairt in Aibreán 2019. Tá sonraí iomlána an Raon Creidiúnaithe le fáil ar https://www.inab.ie/Directory of Accredited Bodies.

# Tástáil Oilteachta

Bíonn an tsaotharlann rannpháirteach i roinnt scéimeanna tástála oilteachta.

Tá sonraí na scéimeanna in 2019 le fáil in Tábla 10.

# Tábla 10

## Cláir Tástála Oilteachta

| Clár | Soláthróir | Scéim | Líon Samplaí | Anailítí |
|---|---|---|---|---|
| ***Toscaineolaíocht*** | CAP | Drugaí Mí-úsáide i Lánfhuil agus i bhFual | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | Labquality | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 6 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 12 shampla sa bhliain | Tá corradh le 210 anailít ar fáil, Amfataimíní & Spreagthaigh san áireamh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh, Créitínín |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tocsaineolaíocht | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Drugaí i Sreabhán Béil | 12 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tox – Beinisidhé-asaipíní | 8 sampla sa bhliain | Diazepam, Nordiazepam, Temazepam, Oxazepam, Nitrazepam |
| | LGC Standards | Tox – Z – Drugaí | 8 sampla sa bhliain | Zopiclone, Zaleplon, Zolpidem |
| ***Alcól i bhFuil agus i bhFual*** | Labquality | Fuil | 8 sampla sa bhliain | Alcól |
| | Labquality | Fual, Cainníochtúil | 4 shampla sa bhliain | pH, Créitínín agus Úiré |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tox – Fuil agus Tox Fual | 24 sampla sa bhliain | Alcól |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***Tástáil Fhianaiseach Anála*** | CTS, Crp. | 568 Anailís ar Thuaslagán Ionsamhlóra Alcól Anála | 2 thuaslagán sa bhliain | Alcól |

## FAISNÉIS AIRGEADAIS

Faigheann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chuid maoinithe trí Dheontas Bliantúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Dáileadh €5,843,000 ar an iomlán ar an mBiúró le haghaidh 2019.

## RIALÚ CORPARÁIDEACH

Bíonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ag oibriú de réir an Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Roinn Airgeadais. Bíonn an Bord ag teacht le chéile 4 huaire sa bhliain agus tá sé freagrach as bainistiú ceart an Bhiúró. Déanann sé cinntí móra straitéiseacha, déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistithe rioscaí an Bhiúró agus bíonn próisis á rialú aige ar bhonn bliantúil.

### Na Comhaltaí Boird

Tá cúigear comhaltaí ar Bhord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (an Stiúrthóir san áireamh) agus is é/í an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann iad.

| NA COMHALTAÍ BOIRD | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Tinreamh** |
| **Dr. Declan Bedford** | Cathaoirleach | 4 as 4 |
| **An tOllamh Denis Cusack** | Comhalta Boird agus Stiúrthóir | 4 as 4 |
| **Paul Burns** | Comhalta Boird | 4 as 4 |
| **An tUasal Michael Mc Dermott** | Comhalta boird go dtí an 19 Lúnasa 2019 | 2 as 2 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Comhalta Boird | 4 as 4 |

### Comhaltaí an Bhiúró agus Cruinnithe

Bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2019. Bhí na cruinnithe sin ar siúl ar an 21 Márta, an 18 Iúil, an 29 Meán Fómhair agus an 5 Nollaig 2019.

Faraor, fuair Michael McDermott Uasal bás i Lúnasa 2019. Comhalta Boird a bhí ann ón 25 Bealtaine 2018 i leith. In ainneoin gur chaith sé tréimhse réasúnta gairid ina Chomhalta Boird, chuir sé go mór leis, agus bhí meas mór ag an mBord ar an méid ar chuir sé leis sna cúig mhí dhéag. Nuair a d'fhreastalaíodh sé ar na cruinnithe ba le díograis, saineolas agus gairmiúlacht a dhéanadh sé é. Aireofar uainn go mór é.

## Táillí agus Costais Chomhiomlána a íocadh le Stiúrthóirí in 2019

Íocadh na táillí seo a leanas in 2019:

| TÁILLÍ BOIRD A ÍOCADH | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Cineál Táille** | **Íoctha 2019** | **Íoctha 2018** |
| **Dr Declan Bedford** | Táille le haghaidh Cathaoirligh ar bhord forais stáit<br><br>Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit | €8,978<br><br>- | €8,978<br><br>- |
| **Paul Burns** | Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit | €5,985 | €5,985 |
| **An tUasal Michael Mc Dermott** | Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit | €3,797 | €3,604 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Gan Aon Táille le haghaidh Comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Foras Stáit | - | - |

## Comhlíontacht

Tá áthas ar an mBord a thuairisciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na forálacha cuí den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2019. Rinneadh iniúchadh inmheánach.

## Nochtadh

Le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear go bhFoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain i ndáil le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus bearta ar bith a rinneadh le haghaidh a thabhairt ar na noctuithe sin. De bhun an cheanglais sin, dearbhaíonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2019 – 31 Nollaig 2019.

## Riachtanais Reachtúla

Deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chomhlíon sé a chuid riachtanais reachtúla le linn 2019.

## Eitic in Oifig Phoiblí

Ní raibh aon leasanna chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001, lena dtuairisciú ag na comhaltaí boird a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2019.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na gnéithe uile a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bíonn an Coiste ag oibriú de réir théarmaí tagartha foirmiúla. Freastalaíonn baill den choiste ar na cruinnithe agus cuireann siad tuairisc faoi bhráid an Bhoird ceithre huaire sa bhliain.

## Iniúchadh Seachtrach Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais 2018 in 2019. Níor ardaíodh aon cheist shuntasach le linn an iniúchta.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí tábhachtach chun an Bord a chur ar an eolas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Bíonn an t-iniúchóir inmheánach ag obair de réir an Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit. Rinneadh Tuarascáil ar an Iniúchadh Inmheánach a ullmhú i dtaca le 2019.

## Soláthar

Tá sé mar pholasaí ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tairiscintí iomaíocha a lorg mar chuid den phróiseas soláthair. Dearbhaíonn an Biúró gur chomhlíon sé na nósanna imeachta soláthair agus na Treoracha AE ábhartha le linn 2019 de réir mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Pleanáil Straitéiseach

Chuir an Biúró a Phlean Bliantúil Straitéiseach le haghaidh 2020 i dtoll a chéile mar aon lena Phlean Straitéiseach Cúig Bliana 2020 – 2024, agus cuireadh an dá straitéis ar aghaidh faoi bhráid an Aire. Leagtar amach sna pleananna príomhchuspóirí an Bhiúró sa bhliain agus sna blianta atá romhainn

mar aon leis na príomhghníomhartha a dhéanfaidh sé chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Tá an dá straitéis le léamh ar shuíomh an Bhiúró.

## Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá orthu as a chinntiú go mbíonn an Biúró ag comhlíonadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas. De réir comhaontú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is é an Coláiste a íocann soláthróirí sa chéad dul síos agus ansin faigheann sé aisíocaíocht ón mBiúró.

Tá sé mar pholasaí ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Is foras de chuid na hearnála poiblí é an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus mar sin, tá ceangal air déanamh de réir na riachtanas san Acht maidir le híocaíochtaí le soláthróirí as earraí nó seirbhísí a chur ar fáil.

Tá gnáthaimh dhochta i bhfeidhm aige, mar sin. I gcás líon beag soláthróirí, eiseoidh an Biúró íocaíocht i bhfoirm seic go díreach don soláthróir. Leis na rialuithe atá ann maidir le sonraisc, le nótaí creidmheasa agus lena bheith ag plé le hagóidí soláthróirí, is féidir dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú absalóideach, a dhéanamh nach bhfuil neamh-chomhlíonadh nithiúil an Achta ag titim amach.

## Finnéacht Ghairmiúil

Thar aon réimse eile sa dlí coiriúil in Éirinn, chóir a bheith, tá dlíthíocht mhór ann maidir le forfheidhmiú i dtaca le trácht agus sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe tiomáint faoi thionchar an óil nó drugaí. Soláthraíonn an Biúró sainfhinnéithe i gcásanna a chuirtear os comhar na Cúirte. D'fhreastail baill foirne den Bhiúró ar an gcúirt 10 n-uaire in 2019.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## An raon freagrachta

Ar son an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, aithním an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á gcoinneáil agus á oibriú. Bíonn an Cód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit le comhlíonadh mar chuid den fhreagracht sin (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú le go mbíonn sé ar leibhéal inghlactha; níl sé ceaptha le riosca a bhaint ar fad. Dá bhrí sin, leis an gcóras seo ní féidir ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a dhéanamh go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart agus go gcoisctear nó go mbraitear in am agus i dtráth earráidí nó mírialtachtaí nithiúla.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Acmhainn chun Riosca a Láimhsiú

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tá triúr de na comhaltaí boird ar an gcoiste sin. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2019.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Cuirtear acmhainní dóthanacha ar fáil lena haghaidh agus bíonn an clár oibre comhaontaithe leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina léirítear an oiread de riosca atá sé sásta a ghlacadh agus na próisis atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú. Tá sonraí ann freisin faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tá an polasaí tugtha do gach ball foirne a mbítear ag súil go n-oibreoidh siad de réir pholasaithe bainistithe riosca an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le go gcuirfidh siad na bainisteoirí ar an eolas faoi rioscaí atá ag géarú, go rialóidh siad laigí agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas rialaithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun na príomhrioscaí a aithint agus a thuairisciú, agus chun na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, oiread agus is féidir, a aithint agus a thuairisciú.

Tá clár rioscaí ann a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá gach ceann acu aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn bliantúil. Bíonn toradh na measúnuithe sin in úsáid le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú go cuí de réir leibhéil is inghlactha.

Tá sonraí ar an gclár riosca faoi rialuithe agus gníomhartha ar gá tabhairt fúthu le rioscaí a mhaolú agus leis an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a shannadh do bhaill áirithe foirne. Dearbhaím go bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm i dtaca le rialú:

- tá clárú déanta ar na gnáthaimh a bhaineann leis na príomhphróisis uile ghnó,

- tá freagrachtaí airgeadais sannta do bhainisteoirí agus tá siad cuntasach ina leith,
- tá córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm agus tá buiséad bliantúil ann a bhíonn á athbhreithniú go leanúnach ag bainisteoirí sinsearacha,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm leis na sócmhainní a chosaint, agus
- tá gnáthaimh rialaithe ann maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn go bhfuil rialú dóthanach ann ar fhaomhadh deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu siúd a fhaigheann na deontais chun a chinntiú go mbíonn deontais á gcaitheamh ar an gcúis atá luaite leo.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla bunaithe le próisis rialaithe a mhonatóiriú agus nuair a bhíonn easnaimh rialaithe ann, cuirtear sin in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh agus do bhainisteoirí agus don Bhord, nuair is cuí, in am agus i dtráth. Dearbhaím go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- tá na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le hoibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh atá aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal sa chás ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta, agus
- déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithnithe go rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais ina gcuirtear feidhmíocht in iúl le hais buiséid/réamhinsintí.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena áirithiú go mbíonn na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair á gcomhlíonadh. Dearbhaím freisin gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na nósanna imeachta sin le linn 2019.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le héifeachtúlacht a ghnáthamh bainistithe riosca agus a ghnáthamh rialaithe a mhonatóiriú. Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar éifeachtúlacht an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar threoir ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a mhaoirsíonn a chuid oibre, agus ar threoir ó bhainisteoirí sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.
Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2019.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2019 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Comhlíontacht ó thaobh Cánach

Tá an Lia-Bhiúró tiomanta ar dhlíthe cánach a chomhlíonadh.Rinne an Lia-Bhiúró iad a chomhlíonadh le linn 2019.

Thar cheann Bhord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre:
**Dr. Declan Bedford**
**An Cathaoirleach**

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Biúró ceithre iarratas in 2019 agus is mar seo a leanas a pléadh leo:

| Cinneadh | Líon na nIarratas |
|---|---|
| **Ceadaithe** | **3** |
| **Bealach an Riaracháin** | **1** |
| **Iomlán** | **4** |


| Catagóir an té a rinne Iarratas | Líon a Fuarthas |
|---|---|
| **Iriseoir** | **1** |
| **Aturnae** | **3** |
| **Eile** | **0** |
| **Iomlán** | **4** |

## An Fhoireann

Lean an Biúró ar aghaidh in 2019 chun feidhmiú de réir Chreat an Bhiúró um Rialú Fostaíochta.

# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# CAIRT EAGRÚCHÁIN



| Cúrsaí agus Comhdhálacha ar fhreastail baill foirne orthu in 2019 | |
|---|---|
| **1.** | D'fhreastail Oifigeach Sinsearach Teicniúil ar Chomhdháil Fuinnimh na hEarnála Poiblí in COBÁC, Belfield, ar an 17 Eanáir 2019. |
| **2.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Acadúil Lae Chumann Dlí-Liachta na hÉireann in Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath, ar an 16 Eanáir 2019. |
| **3.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chruinniú de Ghrúpa Oibre Bailíochtaithe UKIAFT in Eurofins, Londain, ar an 29 Eanáir 2019. |
| **4.** | D'fhreastail Ard-Anailísí agus Bainisteoir Cáilíochta ar Sheisiún Eolais INAB 17025-2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 06 Feabhra 2019. |
| **5.** | D'fhreastail Ard-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chruinniú 3 lá OIML i bPáras ón 13 - 15 Feabhra 2019. |
| **6.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú den Phainéal Comhairleach Leighis um Alcól, Drugaí agus Tiomáint, Ríocht Aontaithe, sa Roinn Iompair, Londain, ar an 3 Márta 2019. |
| **7.** | D'fhreastail Ard-Anailísí ar chomhdháil IACT 6 lá in Idaho idir ón 31 Márta go dtí an 05 Aibreán 2019. |
| **8.** | D'fhreastail Ard-Anailísí ar Chúrsa Borkenstein maidir le hAlcól ón 11 go dtí an 15 Bealtaine 2019. |
| **9.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar comhdháil 1 lá IMSS in NIBRT, COBÁC ar an 16 Bealtaine 2019. |
| **10.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chruinniú Ghrúpa Bailíochtaithe UKIAFT agus Cruinniú Bliantúil Lár na Bliana, a mhair 2 lá, in Ollscoil Angela Ruskin, Cambridge, ar an 16 Bealtaine 2019. |
| **11.** | D'fhreastail beirt Chúntóirí Feidhmiúcháin ar Chomhdháil maidir le Tairiscintí agus Soláthar san Earnáil Phoiblí i Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath ar an 22 Bealtaine 2019. |
| **12.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú den Bhord Comhairleach Eolaíoch den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta san Háig, san Ísiltír, ar an 19 Meitheamh 2019. |

| | |
|---|---|
| **13.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar an gComhairle Idirnáisiúnta maidir le hAlcól, Drugaí agus Sábháilteacht Tráchta, chomh maith le cur i láthair a thabhairt, in Edmonton, Alberta, Ceanada, ón 18 go dtí an 21 Lúnasa 2019. |
| **14.** | D'fhreastail an Príomh-Anailísí, Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chomhdháil TIAFT thar thrí lá in Birmingham ar an 03 Meán Fómhair 2019. |
| **15.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú Chumann Cróinéirí na hÉireann i gContae Mhuineacháin ón 6 go dtí an 9 Meán Fómhair 2019. |
| **16.** | D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Drugaí Borkenstein in Los Angeles, California, ón 22 go dtí an 27 Meán Fómhair 2019. |
| **17.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Ghrúpa Úsáideoirí LIMS i Saotharlann an Stáit ar an 23 Meán Fómhair 2019. |
| **18.** | D'fhreastail Oifigeach TF ar Sheimineár ManageEngine i mBaile Átha Cliath ar an 01 Deireadh Fómhair 2019. |
| **19.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú den Phainéal Comhairleach Leighis um Alcól, Drugaí agus Tiomáint, an Ríocht Aontaithe, an Roinn Iompair, Londain, ar an 2 Deireadh Fómhair 2019. |
| **20.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Lá Acadúil an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, mar a raibh mar aoichainteoir, i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn ar an 7 Deireadh Fómhair 2019. |
| **21.** | D'fhreastail Anailísí ar chúrsa maidir le Tomhas, Éiginnteacht agus Éiginnteacht le haghaidh Measúnú Comhlíontachta i Saotharlann an Stáit ar an 08 Deireadh Fómhair 2019. |
| **22.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Ghrúpa Oibre NOTM maidir leis an Liacht Tráchta i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, Teach Shéanna, ar an 10 Deireadh Fómhair 2019. |
| **23.** | D'fhreastail Beirt Anailísithe ar Chúrsa Cuimsitheach Oiliúna 2 lá le haghaidh Úsáideoirí TotalChrom in Seer Green, an Ríocht Aontaithe, ón 29 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2019. |
| **24.** | D'fhreastail Beirt Anailísithe ar Chruinniú 1.5 lá do Ghrúpa Úsáideoirí PerkinElmer GC in Seer Green, an Ríocht Aontaithe, ar an 06 Samhain 2019. |
| **25.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar an 2ú Comhdháil Idirnáisiúnta Caparica maidir le Fóiréinsic Aistritheach, 2019, mar a raibh mar aoichainteoir, in Caparica, an Phortaingéil, ón 18 go dtí an 20 Samhain 2019. |
| **26.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Chearta an Duine Chomhairle Idirnáisiúnta na Croise Deirge, mar a raibh mar aoichainteoir, in Coimbra, an Phortaingéil, ón 26 go dtí an 29 Samhain 2019. |
| **27.** | D'fhreastail Oifigeach TF ar chúrsa 8 lá maidir le MS Querying Microsoft SQL Server® i mBaile Átha Cliath ón 04 go dtí an 12 Nollaig 2019. |
| **28.** | D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Borkenstein 1 sheachtain amháin maidir le hAlcól agus Sábháilteacht ar na Bóithre in San Diego ón 08 go dtí an 13 Nollaig 2019. |

| | |
|---|---|
| **29.** | D'fhreastail Anailísí ar chúrsa CSTAR maidir le Bainistiú Sonraí agus Bunchúrsa maidir leis an Anailísíocht Sonraí in COBÁC ar an 10 Nollaig 2019. |

# ÍDIÚ FUINNIMH


De réir ghealltanas an Rialtais i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh phoiblí a fheabhsú 33% in 2020, tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre cláraithe ar chóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus is tríd an gcóras sin a bhíonn sé ag cur a chuid tuairiscí ar fáil. Gás agus leictreachas an dá fhoinse fuinnimh is mó a bhíonn in úsáid ag an mBiúró. Tá siad riachtanach le saotharlann fhóiréinseach agus na saoráidí coimhdeacha a oibriú, e.g. teas agus soilse, trealamh saotharlainne, láimhsiú aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Bíonn tionscnaimh ar siúl ag an mBiúró chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Bíonn Córas Bainistithe Foirgnimh in úsáid le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar theas, aonaid láimhsithe aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce the) agus fean eastarraingthe. Bíonn gach ceann de na ceithre urlár in áitreabh an Bhiúró á bhainistiú go hindibhidiúil agus bíonn rialuithe uathoibríocha á sceidealú dá réir. Tá an bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lasca ama feistithe ar fud an fhoirgnimh chun caitheamh fuinnimh a íoslaghdú.

Chuir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre uasghrádú mór soilsithe i bhfeidhm in 2019. Mar gheall air sin, tá úsáid laghdaithe fuinnimh ann (agus costais fuinnimh níos lú ann dá bharr), costais níos lú le haghaidh cothabhála ann, chomh maith le timpeallacht soilsithe atá i bhfad níos fearr san fhoirgneamh ar an iomlán agus i saotharlanna an Bhiúró go sonrach.

# SÉANADH DLÍ

Is cur síos agus staitisticí comhdhlúite ar mhaithe le heolas ginearálta amháin a thabhairt atá sa tuarascáil seo. Níor chóir brath orthu ina n-aonar chun cearta dlíthiúla ná cinntí eile faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a dhearbhú. Moltar do léitheoirí agus d'úsáideoirí aon eolas ar mian leo brath air a fhíorú lena gcomhairleoirí dlí.



**An tOllamh Denis A. Cusack,**

**Stiúrthóir.**



**Dr Declan Bedford,**

**An Cathaoirleach.**

AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

M B R S